www.xtrapapers.com

Rewarding Learning

ADVANCED SUBSIDIARY (AS)
General Certificate of Education
2017

# Irish

## Assessment Unit AS 2

## Section A

*assessing*

## Listening

**[AI121]**

**FRIDAY 26 MAY, AFTERNOON**

# TRANSCRIPT

**GCE Recording Instructions**

☐ Indicates track break

Each piece heard once only

www.xtrapapers.com

Northern Ireland Council for the Curriculum, Examinations and Assessment
General Certificate of Education, Summer 2017
Irish, Assessment Unit 2
Advanced Subsidiary,
Listening

Read each question carefully. Listen to the recording and write your answer in the space provided.

Make sure that you have clearly understood the instructions given on the front page of the question paper before you begin the examination.

Question 1

Labhraíonn beirt chairde ar an tsaoire a bhí acu.

*P:* Bhuel a Shíle, cá ndeachaigh tú ar saoire sa tsamhradh?

*S:* D'fhan mé in Éirinn agus chuaigh mé féin agus mo dheirfiúr go Gaillimh ar feadh trí lá.

*P:* Cad chuige nach ndeachaigh tú thar lear?

*S:* Tá post páirtaimseartha agam agus ní raibh an bainisteoir sásta am saor a thabhairt dom. Ní duine róchairdiúil é ach tá an t-airgead de dhíth orm.

*P:* Cad é mar a bhí Gaillimh cibé ar bith?

*S:* Thaitin sí go mór liom. Tá neart le déanamh sa chathair agus bhí cuid mhór siamsóirí sráide le feiceáil. Fuair muid an chuid ab fhearr den aimsir agus bhí an ghrian ag scoilteadh na gcloch an t-am ar fad.

*P:* Is maith liom a chluinstin gur thaitin an chathair leat. Ní raibh mé riamh i nGaillimh.

*S:* Cá ndeachaigh tú féin, a Phóil?

*P:* An cuimhin leat gur inis mé duit go raibh uncail de mo chuid thall i Meiriceá? Chuaigh mé anonn den chéad uair agus bhí am ar dóigh agam. Casadh col ceathrair orm nach bhfaca mé ó bhí mé óg.

www.xtrapapers.com

Bulaí fír atá ann agus réitigh muid go maith le chéile.

*S:* Cá fhad a chaith tú thall?

*P:* Chaith mé an chuid is mó den tsamhradh thall. Fuair mé post páirtaimseartha i dteach tábhairne agus bhí na séisíní thar barr. Shaothraigh mé deich dollar san uair agus nuair a cuireadh na séisíní san áireamh bhí mé ábalta éadaí nua agus iPad a cheannach.

*S:* Nach méanar duit! An mbeidh tú ag dul chuig *Tennent's Vital* ag an deireadh seachtaine?

*P:* Nach cinnte go mbeidh. Tá mé ag dúil go mór leis. Chuala mé go mbeidh gach duine as an rang foirme ag dul chuige.

*S:* Chuala mise sin fosta. Beidh am ar dóigh againn. Tá súil agam nach rachaidh Seán, áfach. Ólann sé barraíocht agus cuireann sé isteach ar dhaoine eile nuair a bhíonn sé ar meisce.

*P:* Tá a fhios agam. Nach n-ólann tú féin, a Shíle?

*S:* Ní ólaim ar chor ar bith.

*P:* Caithfidh mé imeacht anois, tá cluiche cispheile agam ar a cúig a chlog.

*S:* Feicfidh mé ag an cheolchoirm thú, le cuidiú Dé.

*P:* Feicfidh, cinnte.

*Source: Examiner*

www.xtrapapers.com

Question 2

D’fhógair Aire Sláinte na Breataine Bige go bhfuil sé ag iarraidh cosc a chur ar thoitíní leictreonacha in áiteanna poiblí. Admhaíonn sé nach bhfuil go leor fianaise ann go fóill a léiríonn go ndéanann na toitíní leictreonacha dochar do dhaoine a bhíonn á gcaitheamh go tánaisteach. Tá contúirt ann, áfach, go meallfaidh toitíní leictreonacha daoine óga le gnáth-thoitíní tobac a chaitheamh. Is féidir na toitíní leictreonacha a cheannach a bhfuil blas sútha talún, blas úll, blas caife nó fiú blas seacláide orthu. Síleann Aire Sláinte na Breataine Bige gurb iad na toitíní leictreonacha an chéad chéim i dtreo an tobac do dhaoine óga. Ar ndóigh, níl aon tobac sna toitíní leictreonacha ach tá nicitín agus ceimiceáin iontu a n-éiríonn daoine tugtha dóibh.

Tá cosc ar thoitíní leictreonacha in áiteanna poiblí i dtíortha eile na hEorpa. Níl cead ag muintir na Spáinne ná ag muintir na Beilge toitíní leictreonacha a chaitheamh i mbeár ná i mbialann.

Tháinig na toitíní leictreonacha ar an mhargadh den chéad uair i Meiriceá breis agus deich mbliana ó shin. Rinneadh taighde ar na mallaibh ar na toitíní leictreonacha sa tír sin. Bhí míle go leith déagóir idir ceithre bliana déag d’aois agus sé bliana déag d’aois páirteach sa tsuirbhé a rinneadh.

Fuarthas amach go raibh seans níos mó ann go gcaithfeadh an déagóir tobac má chaith sé nó sí toitíní leictreonacha roimhe. Is cosúil go dtacaíonn sé seo le tuairim Aire Sláinte na Breataine Bige.

Ar ndóigh, táthar ann a shíleann nach bhfuil an dochar céanna bainteach leis na toitíní leictreonacha i gcomparáid leis an tobac. De réir taighde a rinneadh i Londain, thig le caiteoir tobac baol na hailse a laghdú go mór má athraíonn sé nó sí ón tobac go toitíní leictreonacha.

Ar a bharr sin, tá an buntáiste ag na toitíní leictreonacha go bhfuil siad i bhfad níos saoire. Cosnaíonn paicéad toitíní naoi bpunt ar an mheán, sa Bhreatain. Fiú leis an trealamh atá de dhíth leis an toitín leictreonach a chaitheamh, cosnaíonn siad seasca faoin gcéad níos lú ná tobac. Is iad na cadhnairí a úsáidtear leis an toitín leictreonach a chaitheamh an rud is daoire.

Ar ndóigh, má tá tú ag iarraidh costas ar do phóca agus ar do shláinte a laghdú, is fearr gan bacadh le toitíní leictreonacha ná le tobac ar chor ar bith!

*Arna aistriú agus arna chóiriú as suíomh idirlín BBC, 9 Meitheamh, 2015 le Hugh Pym.*

This is the end of the recording.